

Bior

Oileán an-deas Bior. Tá tráigheanna timcheall air. Bhí fear de Chlochartach ina chomhnaidhe ar an oileán. Bhí an-tsaothrú le fághail aige ann. Dhéanfadh sé an oiread ar na faochain sa ngeimhreadh is a choinneochadh é. Níl lá nach dtógadh a muinntir mála faochain. Bíonn na faochain daor sa ngeimhreadh. Tá an fheamainn dhubh lán le faochain.

Bhíodh an fear seo a'déanamh ceilpe freisin. Tá bior i mbéal na taoille (Taobh amuich de chuan Chill Chiaráin). Tigeann cuimse de'n fheamain i dtír ann sa ngeimhreadh, bíonn báid dá tabhairt as le haghaidh leasuighthe. Bhí gunna ag an gClochartach agus bhíodh broighill is duibh-éin dá marbhú aige.

